2025/1580

30.7.2025

CINNEADH (AE) 2025/1580 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Iúil 2025

lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE maidir le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta, a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Deutsche Bundesbank

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 4 maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 27.1 de,

Ag féachaint don Mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 2 Meitheamh 2025 do Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Deutsche Bundesbank (BCE/2025/19) ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iniúchóirí seachtracha neamhspleácha, arna moladh ag Comhairle Rialaithe BCE agus arna bhformheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, le hiniúchadh a dhéanamh ar chuntais an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tiocfaidh deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha reatha Deutsche Bundesbank, Baker Tilly GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft, tar éis a dhéanfar an t-iniúchadh don bhliain airgeadais 2026. Tá sé riachtanach, mar sin, iniúchóirí seachtracha a cheapadh don bhliain airgeadais 2027.

(3) Tá sé beartaithe ag Deutsche Bundesbank síneadh a chur le sainordú Baker Tilly GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft go dtí an bhliain airgeadais 2027. Is i gcomhréir leis na socruithe conarthacha idir Deutsche Bundesbank agus Baker Tilly GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft ar féidir an sainordú a shíneadh.

(4) Mhol Comhairle Rialaithe BCE go gceapfaí Baker Tilly GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft mar iniúchóirí seachtracha Deutsche Bundesbank don bhliain airgeadais 2027.

(5) De réir an mholta ó Chomhairle Rialaithe BCE, ba cheart Cinneadh 1999/70/CE ([2]) ón gComhairle a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 1 de Chinneadh 1999/70/CE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Leis seo, déantar Baker Tilly GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft a fhormheas mar iniúchóirí seachtracha Deutsche Bundesbank do na blianta airgeadais 2021 go 2027.’.

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

([1]) IO C, C/2025/3327, 12.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3327/oj.
([2]) Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle an 25 Eanáir 1999 maidir le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta (IO L 22, 29.1.1999, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1999/70(1)/oj).

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig an mBanc Ceannais Eorpach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BJERRE